Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5663/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0413 (NLE)**

**PECHE 24**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh |

**CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**a bhaineann leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle[1+], d'aontaigh an tAontas leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (‘an Coinbhinsiún’), lenar bunaíodh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).

(2) Tá NPFC freagrach as bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlacadh chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin ina gceangal ar an Aontas.

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle an ... Feabhra 2022 a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L ,, lch. )

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 1261/21 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go ndéantar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirtear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta caomhnaithe agus bainistíochta a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le hábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile, agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí a dhéanamh agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint, a laghdú a mhéid is féidir, le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm le linn a chaidreamh seachtrach iascaigh a sheoladh.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(4) Mar a luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 10 Samhain 2016 dar teideal '*International ocean governance: an agenda for the future of oceans'* [Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan], agus na conclúidí ón gComhairle an 25 Márta 2017 faoin teideal céanna, is cuid lárnach de ghníomhaíocht an Aontais bearta a chur chun cinn chun tacú agus cur le héifeachtacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh agus, i gcás inarb ábhartha, rialachas na bhfóram sin a fheabhsú.

(5) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 16 Eanáir dar teideal *'A European Strategy for Plastics in a Circular Economy'* [Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach] déantar tagairt do bhearta sonracha chun plaistigh agus truailliú muirí chomh maith le trealamh iascaireachta a chailleadh nó a thréigean ar muir a laghdú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in NPFC don tréimhse 2022-2027 a bhunú, ós rud é go mbeidh bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NPFC ina gceangal ar an Aontas agus go mbeidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008[1] agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[2] agus Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, Rialachán (CE) Uimh. 768/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2166/2005, Rialachán (CE) Uimh. 388/2006, Rialachán (CE) Uimh. 509/2007, Rialachán (CE) Uimh. 676/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1300/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 8.12.2017, lch. 81).

(7) I bhfianaise nádúr athraitheach na n-acmhainní iascaigh i réimse a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) den Choinbhinsiún. ('Limistéar an Choinbhinsiúin') agus an gá atá ann dá bharr go n-áireofar ar sheasamh an Aontais forbairtí nua, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a thíolactar roimh chruinnithe de NPFC nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain don tréimhse 2022-2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).

*Airteagal 2*

I gcomhréir le hIarscríbhinn II, seolfar sonraíocht ó bhliain go bliain ar sheasamh an Aontais atá le glacadh sna cruinnithe de NPFC.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais, mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn I, a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún, faoi chruinniú bliantúil NPFC in 2028 ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN I

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais
i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh

PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC), déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

(a) gníomhú i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas laistigh den chomhbheartas iascaigh, go háirithe trí chur chuige an réamhchúraim agus na haidhmeanna a bhaineann leis an uastáirgeacht inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, chun cur chun feidhme cur chuige i leith bainistiú iascaigh atá bunaithe ar an éiceachóras a chur chun cinn, chun gabhálacha dosheachanta a sheachaint agus a íoslaghdú, a mhéid is féidir, agus chun deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha diaidh ar ndiaidh, agus chun tionchar diúltach na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú agus, trí iascaigh de chuid an Aontais atá inmharthana iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a chur chun cinn, chun caighdeán cothrom maireachtála a chur ar fáil do na daoine a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus leasanna na dtomhaltóirí á gcur san áireamh;

(b) oibriú ar son rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara le linn ullmhú bhearta NPFC agus a áirithiú go mbeidh na bearta a ghlacfar in NPFC i gcomhréir le cuspóirí an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh ('an Coinbhinsiún');

(c) a áirithiú go bhfuil na bearta a ghlacfar in NPFC comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe le forálacha Choinbhinsiún de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982, le Comhaontú de chuid na Náisiún Aontaithe i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach an 4 Nollaig 1995, le Comhaontú de chuid na hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) chun comhlíontacht bád iascaireachta ar an mórmhuir i dtaca le bearta idirnáisiúnta caomhantais agus bainistíochta a chur chun cinn an 24 Samhain 1993 agus le Comhaontú de chuid EBT faoi Bhearta Stát an Chalafoirt an 22 Samhain 2009;

(d) seasaimh atá comhsheasmhach le dea-chleachtais eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) a bhfuil baint acu le bainistiú iascach sa limistéar céanna a chur chun cinn;

(e) féachaint le comhsheasmhacht agus sineirge le beartas an Aontais maidir lena chaidreamh déthaobhach iascaigh le tríú tíortha, agus comhleanúnachas lena bheartais eile a áirithiú, go háirithe i réimse an chaidrimh sheachtraigh, an chomhshaoil, na trádála, na forbartha, an taighde agus na nuálaíochta;

(f) a áirithiú go ndéantar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a urramú;

(g) na conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh a urramú ;

(h) díriú ar chothrom iomaíochta a chruthú do chabhlach an Aontais laistigh de limistéar a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) den Choinbhinsiún. ('Limistéar an Choinbhinsiúin'), bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus cur chun feidhme aonfhoirmeach na bprionsabal agus na gcaighdeán sin a chur chun cinn;

(i) na conclúidí ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 maidir leis an teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 10 Samhain 2016 dar teideal '*International ocean governance: an agenda for the future of oceans'* [Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan] a urramú , agus bearta a chur chun cinn chun tacú le héifeachtacht an NPFC agus, i gcás inarb ábhartha, chun feabhas a chur ar a rialachas agus a fheidhmíocht, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an eolaíocht, comhlíonadh, trédhearcacht agus cinnteoireacht;

(j) comhordú idir ERBInna agus coinbhinsiúin réigiúnacha farraige agus comhar le heagraíochtaí domhanda laistigh dá sainorduithe a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí;

(k) sásraí comhair a chur chun cinn i measc ERBInna neamhthuinnín ar nós phróiseas Kobe le haghaidh ERBInna tuinnín.

## 2. TREOIRLÍNTE

I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas le tacú le glacadh na mbeart seo a leanas ag NPFC:

(a) bearta caomhnaithe agus bainistithe le haghaidh acmhainní iascaigh i limistéar an Choinbhinsiúin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear gabhálacha iomlána incheadaithe agus cuótaí nó rialáil ar an iarracht maidir le hacmhainní bitheolaíocha muirí beo arna rialú ag NPFC, lena mbainfí amach ráta dúshaothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe. I gcás inar gá, áireofar sna bearta caomhnaithe agus bainistíochta sin bearta sonracha le haghaidh stoic atá thíos leis an ró-iascaireacht chun an iarracht iascaireachta a choinneáil i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil;

(b) bearta chun gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) i limistéar an Choinbhinsiúin a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena n-áirítear soithí iascaireachta NNN a liostú;

(c) bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais i limistéar an Choinbhinsiúin chun éifeachtúlacht rialaithe agus comhlíonadh na mbeart arna nglacadh in NPFC a áirithiú;

(d) bearta chun an tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhithéagsúlacht mhuirí agus ar éiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú, lena n-áirítear bearta chun truailliú muirí a laghdú agus chun sceitheadh plaisteach ar muir a chosc agus chun tionchar na bplaisteach atá ar muir a laghdú ar bhithéagsúlacht mhuirí agus ar éiceachórais, bearta cosanta le haghaidh éiceachórais leochaileacha mhuirí i limistéar an Choinbhinsiúin, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus le Treoirlínte Idirnáisiúnta EBT maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir an 29 Lúnasa 2008, agus bearta chun gabhálacha dosheachanta a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, go háirithe speicis mhuirí leochaileacha, agus chun deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha de réir a chéile;

(e) bearta chun tionchar trealaimh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile san aigéan a laghdú agus chun cuidiú leis an trealamh sin a shainaithint agus a aisghabháil;

(f) i gcás inarb iomchuí agus a mhéid a cheadaítear faoi na comhdhoiciméid ábhartha, moltaí lena spreagtar cur chun feidhme Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le hObair san Iascaireacht an 14 Meitheamh 2007;

(g) bearta arb é is aidhm dóibh toirmeasc a chur ar iascaigh a dhéantar chun eití siorca a bhaint agus lena gceanglaítear go mbeidh na heití ó nádúr ar fad ar gach siorc atá tugtha i dtír;

(h) cuir chuige chomhpháirteacha le ERBInna eile, i gcás inarb iomchuí, agus go háirithe leis na ERBInna sin a bhfuil baint acu le bainistiú iascaigh sa réigiún céanna;

(i) bearta teicniúla breise bunaithe ar chomhairle ó fhochuideachtaí agus ó mheithleacha de chuid NPFC.

## IARSCRÍBHINN II

Sonraíocht ó bhliain go bliain ar an seasamh atá le glacadh
ag an Aontas ag cruinnithe de Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC)

Roimh gach cruinniú de Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC), nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo ar an Aontas, glacfar na céimeanna is gá ionas go mbeidh an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chuirtear chuig an gCoimisiún, á gcur san áireamh sa seasamh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de NPFC, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach an tsonraíocht atá beartaithe maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le haghaidh plé agus formhuiniú.

Más rud é, le linn cruinniú de NPFC, go bhfuil sé indéanta teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, chun go gcuirfear gnéithe nua san áireamh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle nó faoi bhráid a comhlachtaí ullmhúcháin.